

Obair an Chumann Forbartha 2017/18

Clár

1. Structúr an Chumann Forbartha
2. Comórtas Glór na nGael
3. Ainmneacha na mBóithrí Bailte
4. Cuimhneachán an 'Mine'
5. Dumhach na Leanbh
6. Fochoiste Timpeallachta
7. Cúrsa Ríomhaireachta
8. Colún Seachtainiúil sa gCuradh Chonnachta
9. Oireachtas Chois Fharráige 2018
10. Dealbh Mháirtín Uí Chadhain
11. BISEACH 2017
12. Ionadaíocht na Gaeltachta ar Bhord an Údaráis
13. Gaillimh 2020
14. Buíochas

1. Structúr agus Cruinnithe

Athbunaíodh an Cumann Forbartha i 2014 le rialacha nua agus structúr nua. Tá naonúr ar an gCoiste Stiúrtha, tofa ag Cruinniú Cinn Bhliana. Tagann an coiste le chéile uair sa mhí ach amháin mí Lúnasa agus bíonn corr cruinniú speisialta chomh maith. Cúigear an córam le haghaidh cruinnithe den Choiste Stiúrtha. I gcaitheamh na bliana bhí córam i láthair ag gach cruinniú a tugadh le chéile.

Seo a leanas na fochoistí gníomhacha a bhí ag an gCumann Forbartha i gcaitheamh na bliana:

- (i) Coiste Cuimhneacháin an ‘Mine’
- (ii) Coiste Dumhach na Leanbh
- (iii) Coiste Comharthaí na mBóithrí Bailte
- (iv) Coiste Timpeallachta
- (v) Coiste Eagarthóireachta BISEACH
- (vi) Coiste Leabhar an ‘Mine’.

2. Comórtas Glór na nGael

Tá cistí maith airgid ag an gCumann Forbartha faoi láthair mar gur ghnóthaigh an Cumann Forbartha an príomhdhuais €20,000 anuraidh i gcomórtas Glór na nGael. Tá cuid den airgead sin caite ar an dtionscnamh mór le Comharthaí na mBóithrí Bailte a chrocadh.

Tugadh síntiús €5,000 do Bhord Bainistíochta Scoil Sailearna leis an bpáirc ar chúl na scoile a fhorbairt. Tugadh síntiús chomh maith do Aisteoirí Chois Fharraige leis an dráma Cripil Inis Meáin a léiriú; do Aisteoirí an Spidéil don pháirt a thóg an compántas i bPléasc agus do Cór Chois Fharraige ar an gcúis chéanna. Tugadh síntiús chomh maith do Chlub Óige Lurgan le tacú len a chuid imeachtaí ar mhaithe le óige an cheantair.

3. Comharthaí na mBóithrí Bailte

Beirt atá ag tiomáint an togra seo chun cinn, Breandán Ó Tuairisg agus Pádraig Willy Ó Fátharta. Tá na bóithrí beagnach ar fad déanta ó Abhainn Cruimlinne aniar chomh fada le Bóthair an Chommon. Tá na poill déanta le leanacht ar aghaidh agus comharthaí eile a chrocadh chomh fada le Séipéal an Chnoic. Chosnaíonn gach comhartha thart ar

€175, idir an comhartha féin, an polla agus ábhar eile. Is amach as duaischiste Ghlór na nGael atá an t-airgead ag tíocht. Tugann Scéim Fostaíochta Pobail an Chomharchumainn cúnamh chomh maith leis an obair a dhéanamh.

4. Cuimhneachán an ‘Mine’

B'é Cuimhneachán an ‘Mine’ an tionscadail ba mhó a thug an Cumann Forbartha faoi le bliain anuas. Bhi fochoiste ag obair ar an eagrúchán faoi chathaoirleacht Phádraig Mhic Dhiarmada agus is íontach an obair a cuireadh i gcrích leis an suíomh a réiteach, cros nua a croadh, an deireadh seachtaine cuimhneacháin a eagrú, an leabhar faoin tragóid a fhoilsiú. Níl an obair críochnaithe fós. Tuigim go bhfuil níos mó oibre le déanamh ar an suíomh le go mbeidh áit suí ann do dhaoine.

5. Dumhach na Leanbh

Tá sé i gceist an áit a bhfuil ‘Dumhach na Leanbh’ ar an dTeach Mór a réiteach chomh maith agus tá fochoiste maith curtha le chéile leis an obair a eagrú agus airgead a bhailiú. Tá súil againn faoin mbliain seo chugainn go mbeidh toradh le feiceáil ar an obair sin.

6. Fochoiste Timpeallachta

Bunaíodh fochoiste timpeallachta le gairid faoi stiúr Gerry Willy Ó Fátharta agus d’eagraigh an fochoiste an Glanadh Suas a bhí ar bun ar an Satharn seo caite. Bhí os cionn 40 duine ar fad páirteach sa nGlanadh Suas. Tá muid buíoch don tSeanscoil a chuir áiseanna ar fáil le cúpán tae a dhéanamh tar éis an Ghlanadh Suas a bheith déanta agus do Mhicheál Ó Foighil a thug cead an brúscar a bhailiú amach ar aghaidh oifig an choláiste. Bhailigh an Comhairle Chontae an carnán mór málaí maidin inniu.

7. Cúrsa á reachtáil faoi Úsáid Ríomhairí

Le cúnamh deontais ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, faoi Scéim na nDeontas Oideachas Pobail, reachtáladh dhá chúrsa in Úsáid Ríomhairí i Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Bhí 12 cláraithe don chéad chúrsa ach ní raibh ach 6 cláraithe don dara chúrsa.

Tá deontas faighte ón GRETB le dhá chúrsa a reachtáil an Fómhair seo chugainn, ceann sa Cniotáil agus ceann i gCruinneas Gaeilge.

Tuigtear go mbeidh cúrsa ríomhaireachta á reachtáil ag an gComharchumann faoi Scéim na nDeontas Oideachas Pobail.

8. Colún Seachtainiúil i nGaeilge ar an gCuradh Connachta

Tá an Cumann Forbartha ag soláthar Nótaí Chois Fharráige go seachtainiúil don Churadh Connachta. Cuireann an Comharchumann oifig, ríomhaire ar fáil le gur féidir le Daithí Ó Muirí, atá ar Scéim Fostaíochta Pobail, an obair eagarthóireachta a dhéanamh ar an gcolún agus an suíomh idirlíon coisfharráige.ie a uasdhátú gach seachtain.

Ní bhíonn an colún sa bpáipéar in Iúil ná Lúnasa, mar nach mbíonn mórán scéalta le tuairisciú an chuid sin den bhliain ach leantar ag uasdhátú an suíomh idirlíon.

9. Oireachtas Chois Fharráige 2018

Tá iarratas déanta ar Ealaín na Gaeltachta le deontas a fháil le tabhairt faoi Oireachtas Chois Fharráige a eagrú amach Meán Fómhair seo chugainn. Má fhaightear deontas sách maith tabharfar faoi agus cuirfear coiste ar bun len é a eagrú.

Bhí bille mór ag seasamh amach ó Oireachtas 2016, a bhain leis an gcíos a ghearr Comharchumann Sailearna as usáid na Seanscoile. Tháinig an dá choiste ar réiteach faoi dheireadh agus tá an bille socraithe anois.

Mar chuid de Oireachtas Chois Fharráige 2016 eagraíodh comórtas litríochta idir na scoileanna i gCois Fharráige agus é mar aidhm aige an léitheoireacht agus an litearthacht Ghaeilge fré chéile a chur chun cinn i measc óige Ghaeltacht Chois Fharráige. Tá leabhar de na píosaí a chum na buaiteoirí beagnach réidh le cur ag na clódóirí agus bheadh súil againn go mbeadh sé le seoladh roimh dúnadh na scoileanna don samhradh.

10. Dealbh Uí Chadhain

Shocraigh an coiste €5,000 a chur ar fáil do Iontaobhas Uí Chadhain le go bhféadfaí dealbh den scríobhnóir Máirtín Ó Cadhain a chur in airde sa Spidéal. Tá Iontaobhas Uí Chadhain i dteagbháil le roinnt dealbhadóirí faoi láthair le dearadh agus praghas a fháil uathu. Is ar an píosa talaimh atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe amach ar aghaidh Scoil Éinne sa Spidéal atá séi gceist an dealbh a chur in airde.

11. BISEACH 2017

Bhí an díolaíocht ar ar iris BISEACH 2017, le béim faoi leith ann ar Cuimhneachán an ‘Mine’. Is gearr go mbeidh fochoiste á thabhairt le chéile arís le tabhairt faoi BISEACH 2018.

12. Stocaireacht faoi Thoghcháin do Bhord an Údaráis

Rinne an Cumann Forbartha litir a chur ag gach ceann de na páirtithe agus grúpaí polaitíochta sa Dáil ag iarraidh orthu leasú a chur ar Acht na Gaeltachta 2012, le go bhféadfaí ionadaithe na Gaeltachta ar Bhord an Údaráis a thoghadh go daonlathach. Níor fhreagair ach páirtí polaitíochta amháin an litir, b’shin Fianna Fáil. Tá áthas orainn go bhfuil sé ráite ag Micheál Martin ó Fhianna Fáil agus ag Peadar Toibín ó Shinn Féin go mbeidh siad ag cur leasú ar Acht an Údaráis go luath, le gur féidir na toghcháin a thabhairt ar ais arís.

13. Gaillimh 2020

Bhí an Cumann Forbartha chun cinn ag iarraidh a chinntiú go dtabharfaí aitheantas don Ghaeltacht nuair a bheas tionscadail á roghnú mar chuid de Ghailimh 2020. De bharr ár n-iarrachtaí tá roinnt tionscadail ón nGaeltacht á mheas faoi láthair mar chuid den scéim maoinithe ‘Bailte Beaga, Smaointe Móra’.

Tá cinnireacht tógtha ag an gCumann Forbartha le tionscadail mhór a reachtáil Oíche Shin Sheáin ar an dTeach Dóite 2019 ar a thabharfar Lóchrann Chonamara agus tá maoiniú €15,000 iartha lena aghaidh. Is i gcomhar le eagraíochta pobail eile i gConamara a bheadh an tionscadail á reachtáil.

14. Buíochas

Mar chathaoirleach ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na eagraíochtaí is na daoine go léir a thug cúnaimh agus tacaíocht i gcaitheamh na bliana ach go speisialta le baill an Choiste Stiúrtha agus le baill na bhfochoistí éagsúla, a chuir an t-uafás oibre i gcrích.

Tá buíochas ag dul chomh maith do Chomharchumann Sailearna agus don Scéim Fostaíochta Pobail, do Údarás na Gaeltachta, do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, do Fíbin, don sagart an tAth Liam Ó Raghailigh,

don Choiste an foireann an Chrann Taca a chuireann áiseanna cruinnithe ar fáil dúinn agus do Ghlór na nGael a thug aitheantas don obair a dhéanann muid i gcaitheamh na bliana.

Chomh maith le sin caithfidh mé buíochas a ghabháil le foireann Raidió na Gaeltachta a thugann poiblíocht do na himeachtaí a bhíonn ar bun againn go rialta agus do eagarthóir an Churadh Connacht a chuireann leathanach ar fáil gach seachtain sa nuachtán le haghaidh Nótaí Chois Fharraige.

Don GRETB don deontas le cúrsaí a reachtáil.

Buíochas chomh maith le Daithí a dhéanann eagarthóireacht ar an gcolún sa gCuradh Chonnacht chuile sheachtain agus a choinníonn an suíomh idirlíon suas chun dáta.

Críoch